

P. O'CONNOR & SON

solicitors

notary public

Swinford County Mayo **telephone** 094 9251333 **telefax** 094 9251833

e-mail law@poconsol.ie • **website** www.poconsol.ie • **dx** 52 001

TREOIR MAIDIR LE CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL

Cad is Cáin Fháltas Caipitiúil (CAT) ann? Is

éard is Cáin Fháltas Caipitiúil ann ná cáin ar shochair, mar shampla:

- Bronntanais – a fhaightear ó dhuine beo, nó
- Oidhreachtaí – a fhaightear ó dhuine básaithe

‘An tairbhí’ a thugtar ar an duine a fhaig-heann an sochar.

Cé a íocann CAT?

Má fhaigheann tú bronntanas nó oidhrecht ó do chéile nó do pháirtí sibhialta ní gá duit cáin a íoc. I ngach cás eile, áfach, beidh CAT i bhfeidhm.

Tairseacha grúpa

Braitheann an méid CAT a íocann tú ar do chaidreamh leis an duine a sholáthraíonn an sochar. Iarr ar d’aturnae na tairseacha grúpa difriúla a mhíniú duit.

Cad iad na faoisimh nó na díolúintí cánach atá ar fáil?

Tá roinnt díolúintí agus faoisimh ar fáil ar féidir leo an méid cánach a íocann tú a laghdú. Iarr ar d’aturnae iad seo a mhíniú duit. Agus uacht á dhéanamh agam, conas is féidir liom an tionchar atá ag CAT a laghdú? Is féidir le pleanáil cheart cabhrú leis an gcáin a chaithfidh do thairbhíthe a íoc

a laghdú. Iarr ar d’aturnae an méid seo a leanas a mhíniú:

- Na faoisimh agus na díolúintí cánach atá ar fáil
- Conas is féidir do mhaoine a roinnt suas chun gach tairseach grúpa atá ar fáil a úsáid
- Conas is féidir le do thairbhíthe pleanáil chun an cháin a mhaoiniú

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig

www.poconsol.ie/legal-services/

[inheritance-law/](http://www.poconsol.ie/legal-services/)



LAW SOCIETY
OF IRELAND

PRACTISING
SOLICITORS

P. O'CONNOR & SON

solicitors

notary public



Séanadh: Beartaímid gur treoír ghinearálta, agus sin amháin, atá san eolas sa bhileog seo agus ba cheart duit comhairle ghairmiúil a fháil.

Ní ghlacaimid le haon fhreagracht as earráidí ná easnaimh.